2026/743

9.6.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/743 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Márta 2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a bhaineann le próitéin le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Foráiltear leis go gcomhlíonfaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine na ceanglais maidir le cion próitéine, foinse próitéine agus próiseáil próitéine, mar aon leis na ceanglais maidir le haimíonaigéid riachtanacha agus aimíonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus maidir le L-carnaítín mar a leagtar amach i bpointe 2.3 d'Iarscríbhinn I agus i bpointe 2.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(2) Sa tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an 24 Iúil 2014 maidir le comhdhéanamh riachtanach bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach ([3]), thug an tÚdarás dá aire nach mór sábháilteacht agus oiriúnacht gach bainne foirmle shonraigh ina bhfuil hidrealasáití próitéine a shuí trí bhíthin meastóireacht chliniciúil sa spriocphobal. Go dtí seo, rinne an tÚdarás meastóireacht dhearfach ar chúig hidrealasáit próitéine a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach. Cuimsítear comhdhéanamh na cúig hidrealasáit próitéine sin sna ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127. Mar sin féin, féadfar na ceanglais sin a thabhairt cothrom le dáta chun go bhféadfar bainne foirmle a chur ar an margadh, ar bainne foirmle é a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a mbaineann comhdhéanamh leo atá éagsúil le comhdhéanamh hidrealasáití próitéine a ndearnadh measúnú dearfach orthu cheana féin, tar éis don Údarás meastóireacht a dhéanamh ar a sábháilteacht agus a n-oiriúnacht.

(3) An 15 Feabhra 2019, fuair an Coimisiún iarraidh ó Healthcare Reckitt B.V. ar mheastóireacht ón Údarás ar shábháilteacht agus ar oiriúnacht dhá tháirge, bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, iad monaraithe as hidrealasáit próitéine shonrach, agus de chomhdhéanamh nár chomhlíon na ceanglais a leagtar síos i bpointe 2.3 d'Iarscríbhinn I agus i bpointe 2.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127.

(4) Arna iarraidh sin don Choimisiún, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch an 29 Eanáir 2025 maidir le sábháilteacht agus oiriúnacht chothaitheach na hidrealasáite próitéine sonraí sin i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach ([4]). Sa tuairim sin, ba é conclúid an Údaráis gur foinse próitéine shábháilte agus oiriúnach ó thaobh cothaithe de atá sa hidrealasáit próitéine shonrach mar a thugtar tuairisc uirthi sa tuairim lena húsáid i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach, ar choinníoll go mbeidh íosmhéid de 0,55 g/100 kJ (2,3 g/100 kcal) próitéin sa bhainne foirmle ina n-úsáidtear í agus go gcomhlíonann sí na critéir eile maidir le comhdhéanamh a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 agus go gcomhlíonann sí an patrún aimíonaigéid atá i Roinn A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

([1]) IO L 181, 29.6.2013, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/609/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/127/oj).

([3]) Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA um Chothú, Bianna núíosacha agus Ailléirginí bia), (2014), 'Tuairim Eolaíoch maidir le comhdhéanamh riachtanach bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach', https://doi.org/10.2903/j.efsa.2014.3760.

([4]) Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA um Chothú, Bianna núíosacha agus Ailléirginí bia), (2025), 'Sábháilteacht agus oiriúnacht chothaitheach hidrealasáite próitéine sonraí a dhíorthaítear ó fhoinsí bainne bó bearrtha agus ó thiúcháin próitéine meidhg agus a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach a mhonaraíonn Healthcare Reckitt B.V.', https://doi.org/10.2903%2Fj.efsa.2025.9278.

(5) Agus conclúidí an Údaráis á gcur san áireamh, is iomchuí a cheadú bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as an hidrealasáit próitéine shonrach a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is iomchuí 'Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa F' a chur leis na ceanglais maidir le comhdhéanamh le haghaidh hidrealasáití próitéine leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3:

‘2.3. Bainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine

Bainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine, comhlíonfaidh sé na ceanglais a bhaineann le próitéin dá bhforáiltear faoi phointí 2.3.1, 2.3.2, 2.3.3, 2.3.4, 2.3.5 nó 2.3.6.

2.3.1. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa A

2.3.1.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,44 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(1,86 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.1.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg milse dímhianraithe a dhíorthaítear ó bhainne bó tar éis deascadh einsímeach cáiséiní ina n-úsáidtear cíomóisin, arb é atá inti:

(a) 63 % aonraíoch próitéine meidhg saor ó cháiséinea-gliceamacraipeiptíd ina bhfuil íoschion próitéine de 95 % den ábhar tirim agus dínádúrachán próitéine is lú ná 70 % agus uaschion luatha de 3 %;

(b) 37 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 87 % den ábhar tirim agus dínádúrachán próitéine is lú ná 70 % agus uaschion luatha de 3,5 %.

2.3.1.3. Próiseáil próitéine

Próiseas hidrealaithe dhá chéim ina n-úsáidtear ullmhóid tripsine le céim cóireála teasa (idir 3 agus 10 nóiméad ag 80 go 100 °C) idir an dá chéim hidrealaithe.

2.3.1.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn B d’Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).

2.3.2. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa B

2.3.2.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,55 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,3 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.2.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti:

(a) 77 % meadhg aigéadach, a thagann as tiúchán próitéine meidhg ina bhfuil cion próitéine de 35 go 80 %;

(b) 23 % meadhg mhilis, a thagann as meadhg mhilis dhímhianraithe ina bhfuil íoschion próitéine de 12,5 %.

2.3.2.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 7,5 go 8,5 agus ag teocht 55 go 70 °C agus úsáid á baint as meascán einsímí d'inpheiptíodáis séirín agus de choimpléasc próitéáise/peiptíodáise. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le linn céim cóireála teasa (idir 2 agus 10 soicind ag 120 go 150 °C) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.2.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).

2.3.3. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa C

2.3.3.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,45 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(1,9 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.3.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 80 %.

2.3.3.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Roimh an hidrealú, déantar an pH a choigeartú go 6,5–7,5 ag teocht 50–65 °C. Déantar an hidrealú agus úsáid á baint as meascán einsímí d'inpheiptíodáis séirín agus de mhiotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le linn céim cóireála teasa (idir 2 agus 10 soicind ag 110 go 140 °C) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.3.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).

2.3.4. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa D

2.3.4.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,57 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,4 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.4.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 70 %.

2.3.4.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 7,0 go 8,0 agus ag teocht 50 go 60 °C, agus úsáid á baint as próiseas hidrealaithe dhá chéim agus úsáid á baint as inpheiptíodáis séirín agus as miotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ag 100 go 120 °C ar feadh 30 soicind ar a laghad) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.4.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).

2.3.5. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa E

2.3.5.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,48 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,0 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.5.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 80 %.

2.3.5.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an pH a choigeartú go 7–8, ag teocht 50 go 70 °C, agus úsáid á baint as próiseas hidrealaithe dhá chéim agus úsáid á baint as inpheiptíodáis séirín agus as miotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ag 80 go 90 °C ar feadh 25 go 35 nóiméad) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.5.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).

2.3.6. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa F

2.3.6.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,55 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,3 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.6.2. Foinse próitéine

Meascáin d'fhoinsí bainne bó bearrtha agus tiúchán próitéine meidhg le cóimheas tosaigh meadhg:cáiséin (meáchan/meáchan) 60:40.

2.3.6.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 6,9 go 7,6 agus ag teocht 50 go 55,5 °C agus úsáid á baint as miotalapróiteáis. Déantar an einsím bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ar feadh 17 soicind go 10 nóiméad) ag 80 go 85 °C, agus más gá, le próiseas teirmeach ina dhiaidh sin ag teocht suas le 140 °C ar feadh 0,5 soicind) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.6.4. Aimínaigéid riachtanacha agus aimínaigéid atá riachtanach go coinníollach agus L-carnaitín

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínaigéad riachtanach agus de gach aimínaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle do naíonáin a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas meitiainín:cistéin níos mó ná 2, agus féadfar an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile mura bhfuil an cóimheas tirisín: feiniolalainín níos mó ná 2. Féadfaidh an cóimheas meitiainín:cistéin agus tirisín:feiniolalainín a bheith níos mó ná 2, ar choinníoll go léirítear oiriúnacht an táirge lena mbaineann do naíonáin i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

Beidh an cion L-carnaitín comhionann ar a laghad le 0,3 mg/100 kJ (1,2 mg/100 kcal).';

(2) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3:

'2.3. Bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine

Bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine, comhlíonfaidh sé na ceanglais a bhaineann le próitéin dá bhforáiltear faoi phointe 2.3.1, 2.3.2, 2.3.3, 2.3.4, 2.3.5 nó 2.3.6.

2.3.1. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa A

2.3.1.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,44 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(1,86 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.1.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg milse dímhianraithe a dhíorthaítear ó bhainne bó tar éis deascadh einsímeach cáiséiní ina n-úsáidtear cíomóisin, arb é atá inti:

(a) 63 % aonraíoch próitéine meidhg saor ó cháiséinea-gliceamacraipeiptíd ina bhfuil íoschion próitéine de 95 % den ábhar tirim agus dínádúrachán próitéine is lú ná 70 % agus uaschion luatha de 3 %;

(b) 37 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 87 % den ábhar tirim agus dínádúrachán próitéine is lú ná 70 % agus uaschion luatha de 3,5 %.

2.3.1.3. Próiseáil próitéine

Próiseas hidrealaithe dhá chéim ina n-úsáidtear ullmhóid tripsine le céim cóireála teasa (idir 3 agus 10 nóiméad ag 80 go 100 °C) idir an dá chéim hidrealaithe.

2.3.1.4. Aimínaigéid riachtanacha agus aimínaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínaigéad riachtanach agus de gach aimínaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn B d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.

2.3.2. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa B

2.3.2.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,55 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,3 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.2.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti:

(a) 77 % meadhg aigéadach, a thagann as tiúchán próitéine meidhg ina bhfuil cion próitéine de 35 go 80 %;

(b) 23 % meadhg mhilis, a thagann as meadhg mhilis dhímhianraithe ina bhfuil íoschion próitéine de 12,5 %.

2.3.2.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 7,5 go 8,5 agus ag teocht 55 go 70 °C agus úsáid á baint as meascán einsímí d'inpheiptíodáis séirín agus de choimpléasc próitéáise/peiptíodáise. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le linn céim cóireála teasa (idir 2 agus 10 soicind ag 120 go 150 °C) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.2.4. Aimínaigéid riachtanacha agus aimínaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínaigéad riachtanach agus de gach aimínaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.

2.3.3. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa C

2.3.3.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,45 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(1,9 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.3.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 80 %.

2.3.3.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Roimh an hidrealú, déantar an pH a choigeartú go 6,5–7,5 ag teocht 50–65 °C. Déantar an hidrealú agus úsáid á baint as meascán einsímí d'inpheiptíodáis séirín agus de mhiotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le linn céim cóireála teasa (idir 2 agus 10 soicind ag 110 go 140 °C) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.3.4. Aimínaigéid riachtanacha agus aimínaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínaigéad riachtanach agus de gach aimínaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.

2.3.4. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa D

2.3.4.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,57 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,4 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.4.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 70 %.

2.3.4.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 7,0 go 8,0 agus ag teocht 50 go 60 °C, agus úsáid á baint as próiseas hidrealaithe dhá chéim agus úsáid á baint as inpheiptíodáis séirín agus as miotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ag 100 go 120 °C ar feadh 30 soicind ar a laghad) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.4.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.

2.3.5. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa E

2.3.5.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,48 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,0 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.5.2. Foinse próitéine

Próitéin meidhg a dhíorthaítear ó bhainne bó, arb é atá inti 100 % tiúchán próitéine meidhg milse ina bhfuil íoschion próitéine de 80 %.

2.3.5.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an pH a choigeartú go 7–8, ag teocht 50 go 70 °C, agus úsáid á baint as próiseas hidrealaithe dhá chéim agus úsáid á baint as inpheiptíodáis séirín agus as miotalapróiteáis. Déantar na heinsímí bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ag 80 go 90 °C ar feadh 25 go 35 nóiméad) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.5.4. Aimínonaigéid riachtanacha agus aimínonaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimínonaigéad riachtanach agus de gach aimínonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.

2.3.6. Ceanglais a bhaineann le próitéin, grúpa F

2.3.6.1. Cion próitéine

Íosmhéid	Uasmhéid
0,55 g/100 kJ	0,67 g/100 kJ
(2,3 g/100 kcal)	(2,8 g/100 kcal)

2.3.6.2. Foinse próitéine

Meascáin d'fhoinsí bainne bó bearrtha agus tiúchán próitéine meidhg le cóimheas tosaigh meadhg:cáiséin (meáchan/meáchan) 60:40.

2.3.6.3. Próiseáil próitéine

Déantar an t-ábhar bunaidh a hiodráitiú agus a théamh. Tar éis na céime cóireála teasa, déantar an hidrealú ag pH 6,9 go 7,6 agus ag teocht 50 go 55,5 °C agus úsáid á baint as miotalapróiteáis. Déantar an einsím bia a dhíghníomhú le cóireáil teasa (ar feadh 17 soicind go 10 nóiméad) ag 80 go 85 °C, agus más gá, le próiseas teirmeach ina dhiaidh sin ag teocht suas le 140 °C ar feadh 0,5 soicind) i rith an phróisis táirgthe.

2.3.6.4. Aimíonaigéid riachtanacha agus aimíonaigéid atá riachtanach go coinníollach

Le haghaidh an luacha fuinnimh chomhionainn, ní mór cainníocht de gach aimíonaigéad riachtanach agus de gach aimíonaigéad atá riachtanach go coinníollach atá comhionann ar a laghad lena bhfuil sa phróitéin tagartha mar a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III a bheith ar fáil i mbainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine. Mar sin féin, chun críoch ríomha, féadfar an tiúchan mheitiainín agus chistéine agus an tiúchan feiniolalainín agus tirisín a shuimiú le chéile.';

(3) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh faoi roinn A:

'Chun críocha pointí 2.1, 2.2, 2.3.2, 2.3.3, 2.3.4, 2.3.5 agus 2.3.6 d'Iarscríbhinní I agus II, is iad seo a leanas na haimíonaigéid riachtanacha agus na haimíonaigéid atá riachtanach go coinníollach i mbainne cíche, arna sloinneadh i mg in aghaidh an 100 kJ agus 100 kcal:'.